# Coláiste UISCE ‘Behaviour Policy’ / ‘An Córas Iompair’

**leagan cúngaithe**

# Clár

Clár ... 2
Réamhrá ... 3
1 Sprioc ... 3
2 Aithne a chur ar an gCóras Iompair ... 3
3 Spreagadh ... 3
4 Na rudaí a mbeimis ag súil leo ... 3
5 Folláine ... 4
6 Cén chuma atá ar shárú ar an gCóras Iompair? ... 5
7 Idirghabhálacha ... 6
8 Sainmhínithe ... 9
9 Cá huair a tharlódh fionraíocht? ... 9
10 An nós imeachta "Cárta Dearg 3" ... 9
11 Díbirt bhuan ... 11
12 Riail na Gaeilge ... 11
13 An Próiseas Achomhairc ... 11
14 Cuardach na málaí ... 12
15 Liosta de na rudaí a bhfuil cosc orthu ... 13
16 Liosta de na rudaí a bhfuil srian orthu ... 13
17 Dearbhú ... 13

## Réamhrá

Forbraíodh an Behaviour Policy/ An Córas Iompair i gcomhar le tuismitheoirí, foireann teagaisc agus le daltaí. Forbraíodh é ag teacht leis na moltaí dea-chleachtais de chuid Sport Ireland Safeguarding Guidance, Tusla, An Roinn Oideachais agus leis na rialacha i gColáiste UISCE atá aitheanta mar Choláiste Gaeilge ag Roinn na Gaeltachta.

## 1 Sprioc

Glacann Coláiste UISCE le cur chuige atá dírithe ar dhaltaí, a chothaíonn cumas na ndaltaí i dtimpeallacht spraíúil, dearfach, sábháilte agus ionchuimsitheach.

## 2 Aithne a chur ar an gCóras Iompair

Tá an Córas Iompair ar fáil agus ba cheart go gcuirfí ceisteanna maidir leis chuig an seoladh eolas@uisce.ie
Moltar do na Tuismitheoirí/Caomhnóirí an polasaí a phlé lena p(h)áiste. Is ionann clárú ar an gcúrsa agus aontú go nglacann na Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus na daltaí leis an gCóras Iompair.
Mínitear an Córas Iompair i mBéarla agus i nGaeilge do na daltaí ag tús an chúrsa.

## 3 Spreagadh

Spreagtar an dea-iompar ar na bealaí seo;

Bandaí UISCE (Wristbands)
Réalt an Lae ( Star of the day)
Cárta Glas (A Green Card)
Comórtas Gaeilge (Irish Competition)
Comórtas Amhránaíochta (Singing Competition)
Spota Tallainne (Talent Competition)
Cinnire Ceaptha (Appointed Cinnire)
Grúpa an Chúrsa (The Course Group)
Deiseanna (Opportunities)

## 4 Na rudaí a mbeimis ag súil leo

Táimid ag súil go mbeidh na daltaí á n-iompar féin go dearfach agus go cabhrach i gcónaí san uisce, sa rang, in imeacht eagraithe, ar an mbus, i dteach Bhean an Tí nó sa Choláiste agus iad:

- Ag léiriú measa "Meas"
- Ag leanúint treoracha
- Ag tabhairt aire do mhaoin (sa Choláiste, uisce & seomra ranga, Bus, teach Bhean an Tí, agus earraí daltaí eile)
- Ag déanamh iarracht Gaeilge a labhairt an t-am ar fad

- Gan a bheith ag glacadh/ ag roinnt pictiúr/físeán do dhaltaí/don fhoireann gan cead a fháil uathu.
- Ag fanacht amach ó iompar mídhleathach (drugaí, substaintí/earraí mídhleathacha ina seilbh/ úsáid)
- Ag fanacht amach ó iompar nach bhfuil ceadaithe (e.g. tobac a chaitheamh/ vápáil / tóitíní/tobac nó táirgí vápála, ól nó alcóil ina seilbh)
- Ag leanúint na rialacha bóthair
- Ag fanacht amach ó earraí nach bhfuil ceadaithe (sceana, rudaí géara, gunnaí millíní, airm/earraí a d'fhéadfadh a bheith dainséarach, fearais dainséaracha, lasáin, lastóirí, nó aon earra a chuireann sábháilteacht dóiteáin i mbaol)
- Ag leanúint nósanna imeachta sábháilteacht dóiteáin
- Ag fanacht laistigh de limistéir an choláiste i gcónaí
- Ag fanacht sa lóistín tar éis suipéir agus roimh a 8:30 gach maidin
- Ag fanacht ina seomraí féin
- Ag úsáid na h-áiseanna feistis cearta
- Ag cur bruscair isteach sna boscaí bruscair cearta
- Ag úsáid na n-áiseanna athchúrsála
- Ag coinneáil an lóistín agus an cheantair mórthimpeall glan agus néata
- Ag fanacht leis an ngrúpa i rith an ranga
- A bheith maoirsithe san uisce agus gan dul isteach gan Príomhtheagascóir nó Teagascóir i láthair
- Gan limistéar an lóistín a fhágáil
- A bheith in am agus réidh!

## 5 Folláine

Tá cur chun cinn na bhfolláine an-tábhachtach i gColáiste UISCE. Rud ar bith a thagann salach air seo, ag brath ar an gcineál drochiompair atá ann, caithfear leis mar shárú dáiríre ar an gCóras Iompair.

**Cinnire (Prefect)**

Roghnaímid Cinnire do gach Teach, Halla agus rang. Tá an Cinnire ann chun tacú le daltaí agus cabhrú leo le fadhb ar bith atá acu.

**Inis Dúinn (Tell Us)**

Is feachtas é "Inis Dúinn"/"Tell Us" a bhíonn in úsáid timpeall an Choláiste chun spreagadh a thabhairt do gach duine labhairt amach agus cabhair a lorg le haon deacracht.

**Suirbhé Frithbhulaíochta (Anti Bullying Survey)**

Comhlánaítear an suirbhé frithbhulaíochta sa rang le linn gach chúrsa.

**Meantóireacht (Mentoring)**

Úsáidtear pleananna meantóireachta nuair a bhíonn fadhb ag dalta, atá oiriúnaithe dá riachtanas ar leith.

**Suirbhé an Chúrsa (Course Survey)**

Comhlánóidh na daltaí suirbhé i rith an chúrsa a chabhróidh linn a chinntiú go bhfuil ag éirí go maith leo ar an gcúrsa.

**Riachtanais Chothaithe (Dietary Needs)**

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí riachtanais chothaithe a bpáiste a chur in iúl don fhoireann ionas go mbeimid in ann freastal air/uirthi.

**TCI (CCTV)**

Tá TCI curtha i bhfeidhm timpeall an Choláiste de réir chleachtas pholasaí GDPR an chomhlachta.

## 6 Cén chuma atá ar shárú ar an gCóras Iompair?

- Is ionann bulaíocht agus sárú ar an gCóras Iompar. Glacann Coláiste UISCE le sainmhíniú na bulaíochta atá ag an Roinn Oideachais sa cháipéis 'Cineáltas'.

  Is ionann iompar bulaíochta agus (ach níl sé teoranta do):
  - Duine a bheith deighilte ón ngrúpa d'aon turas, cúlchaint ghránna agus aon sórt bulaíochta dá chineál.
  - Cibearbhulaíocht
  - Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail; bulaíocht homafóbach nó chiníoch; a bheith ag déanamh bulaíochta ar dhuine éigin faoina bhallraíocht i bpobal éigin nó ar dhuine éigin faoi mhíchumas nó le riachtanais speisialta oideachais.

- Drochiompar nach dtagann leis an sainmhíniú bulaíochta seo. Cur i gcás; teachtaireacht ghránna nó nimhneach a sheoladh uair amháin; pictiúr nó ráiteas a sheoladh ar ghréasán sóisialta nó aon fhóram poiblí inar féidir leis an teachtaireacht, pictiúr nó ráiteas a bheith feicthe agus/nó a bheith athsheolta ag daoine eile. Leanfar an Córas Iompair chun dul i ngleic le hiompar den chineál seo.

**Iompar eile atá ina sarú ar an gCóras Iompair**

- Teagmháil mí-oiriúnach le haon dalta eile (teagmháil le héadaí, teagmháil fhisiciúil nó úsáid á bhaint as aon earra a bhféadfaí duine a ghortú leis)
- Ábhar pornagrafacha a bheith i seilbh dalta nó ábhar pornagrafach a fháil (bítear ag súil go gcuirfidh daltaí srian leis an bplé ar thopaicí a dhéanfadh daoine eile míchompordach).
- Pictiúir a ghlacadh gan cead in aon áit timpeall an Choláiste.
- Gutháin a úsáid in áit nach bhfuil ceadaithe, eg. seomra leapa/seomra feistis
- Gutháin a úsáid ag am nach bhfuil sé ceadaithe
- Pictiúir de shuíomh éigin in UISCE a roinnt ar an idirlíon agus/ nó ar na meáin shóisialta gan cead, cuirtear *facebook, instagram, snapchat, youtube* agus *twitter* san áireamh - ach níl an liosta teoranta do na suíomhanna seo

- Iompar fisiciúil de chineál gnéasach (pógadh agus greim ar lámh a chéile san áireamh)
- Gruaig dhuine eile a ghearradh nó athrú ar bith a dhéanamh ar chuma fhisiciúil an dalta é/í féin nó dalta eile (msh polladh cluaise, bearradh malaí srl)
- Rud a fháil ar iasacht ó dhuine eile
- Triail a bhaint as táirgí a chéile atá nua don dalta sin (donnú bréige /smidiú)
- Damáiste a dhéanamh nó cur isteach ar maoin éigin d'aon turas
- Gadaíocht - airgid nó maoin phearsanta
- Tá bac ar rith ar dhromchlaí míchothroma nó gairbhéalta
- Tá bac ar pháirt a ghlacadh i 'gcluichí dúshláin'
- Tá bac ar pháirt a ghlacadh in imirt gharbh
- Caithfear cloí leis na rialacha i spóirt teagmhálaithe agus dul leis an réiteoir
- Is do chith a ghlacadh agus éadaí a athrú amháin iad na seomraí feistis. Tá bac ar aon úsáid eile iontu seachas cith a ghlacadh agus éadaí a athrú
- Tá bac ar chur isteach ar nó pleidhcíocht le giuirléidí duine atá ag glacadh cith

## 7 Idirghabhálacha

Rachaidh Coláiste UISCE i ngleic le sáruithe an Chórais Iompair ar bhealach réamhghníomhach. Tabharfar tacaíocht don dalta foghlaim ón drochiompar sin agus a (h)iompar a athrú chun teacht leis an iompar a bhfuil Coláiste UISCE ag súil leis. Tá sé tábhachtach a thuiscint go mbreathnófar ar idirghabhálacha éagsúla suas go dtí agus lena n-áirítear díbirt ó Choláiste UISCE nuair a bheifear ag freagairt do dhrochiompar dáiríre nó le mí-iompar leanúnach.

**Córas Cárta Dearg (Red Card System)**

Feidhmíonn Coláiste UISCE ar chóras 'Cárta Dearg'. Oibríonn an córas seo ar thrí leibhéal, is ionann Cárta Dearg 1 agus an ceann is lú dáiríreacht. Is ionann Cárta Dearg 2 agus drochiompar níos dáiríre nó iompar leanúnach nach bhfuiltear ag súil leis. Cuirfear Cárta Dearg 3 i bhfeidhm ar sháraíocht tromchúiseach ar an gCóras Iompair. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le Cárta Dearg 3 a bheith ina chéad chárta nuair atá cúrsaí chomh olc sin. Déanfaidh an Príomhoide an cinneadh seo.

Amhail Córas an Chárta Ghlais, is féidir cárta a bhronnadh nó duine a sheoladh chuig an bPríomhoide i gcás drochiompair. Feidhmítear an córas seo ag teacht le cleachtas aisiríoch agus is é an sprioc ná aghaidh a thabhairt ar an iompar neamh-inmhianaithe ar bhealach dearfach aisiríoch agus eispéireas na scoláirí agus taithí scoláirí eile a fheabhsú.

Is féidir leis an bPríomhoide cinneadh a dhéanamh nach bhfuil Cárta Dearg ag teastáil ach go ndéanfar taifeadadh air ar Phlean Meantóireachta an Dalta (Mentoring Plan).

Is féidir le dalta Cárta Dearg a fháil ó aon bhall den fhoireann. Rachfaí i dteagmháil le Tuismitheoirí/Caomhnóirí dá mbeadh sé oiriúnach agus cabhrach. Beidh rabhadh béil ann faoin am sin.

**Cárta Dearg 1** (Iompar samplach)
Béarla a labhairt agus le 3 Chárta Buí faighte (Yellow Card féach ar pholasaí Theanga na Gaeilge)
Cur isteach ar dhaltaí eile i rith an ranga
Iompar trioblóideach
A bheith déanach ag teacht
Dearcadh doicheallach
A bheith drochmheasúil le ball foirne nó le dalta eile
Gan a bheith ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí an chúrsa
Aon iompar nach dtagann leis an iompar comhaontaithe

Is é toradh Chárta Dearg 1 ná go mbainfear 3 phointe den Chomórtas Gaeilge agus caillfidh an dalta 30 nóiméad den chéilí. Beidh ar an dalta a bheith in oifig an Phríomhoide nó in áit ainmnithe i rith an ama sin. Beidh deis aige/aici labhairt agus machnamh a dhéanamh ar a (h)iompar lena linn. Déanfar iniúchadh ar na deacrachtaí ba chúis leis an drochiompar agus socrófar plean meantóireachta dá mbeadh sé de dhíth. Pléifear ba feabhsuithe riachtanacha a bheidh de dhíth leis an dalta.

**Cárta Dearg 2**
Má fhaigheann dalta Cárta Dearg 2, cuirfear an córas céanna i bhfeidhm leis an athbhreithniú agus déanfar teagmháil le tuismitheoirí. Cuirfear an dalta ar phlean meantóireachta agus bainfear pointí agus am den chéilí chomh maith.

**Cárta Dearg 2 (Iompar samplach)**
Iompar leanúnach de chineál an Chárta Dheirg
Béarla á labhairt go leanúnach in ainneoin na hidirghabhála
Damáiste a dhéanamh ar mhaoin
Dearcadh neamh-chomhoibritheach
A bheith ag cur isteach ar an rang go leanúnach
Cur isteach ar phróiseas teagaisc agus foghlama
Gan a bheith ag leanúint treoracha na múinteoraí/dteagascóraí nó maoirseoirí

**Idirghabhálacha féideartha**
- Plean meantóireachta, aidhmeanna agus spriocanna feabhsuithe a úsáid
- Dul i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir
- Rabhadh i scríbhinn

**Cárta Dearg 3**
Má fhaigheann dalta Cárta Dearg 3, cuirfear an córas céanna i bhfeidhm leis an athbhreithniú agus déanfar teagmháil le tuismitheoirí

Is féidir Cárta Dearg 3 a bhronnadh i gcás sáruithe tromchúiseacha ar an gCóras Iompair fiú mura bhfuil Cárta Dearg 1 agus/nó 2 eisithe. Ní bheidh cead ag an dalta dul go dtí an céilí istoíche. Déanfar athbhreithniú ar an bplean

meantóireachta i rith an ama sin leis an dalta agus tuismitheoirí agus cuirfear idirghabhálacha eile san áireamh. Cuirfidh an Príomhoide an Bainisteoir Oideachais ar an eolas más gá.

Tá sé tábhachtach a lua go ndéileálfar leis na deacrachtaí de réir an cháis agus déanfar measúnú ar idirghabhálacha de réir mar a oireann don eachtra leis an bpríomhsprioc chun cinn go leanfaidh an dalta leis an gcúrsa agus le sult a bhaint as.

**Samplaí d'idirghabhálacha (gan a bheith teoranta dóibh)**

- Seiceáil isteach agus athbhreithniú laethúil
- Meantóireacht bhreise
- Cuairt ar an láthair/Cruinniú le tuismitheoirí
- Cruinniú ranga/Halla/Tí nó cruinniú le Bean an Tí
- Tascanna áirithe a chríochnú le spriocanna aontaithe
- A bheith bainte amach ó imeachtaí eile an chúrsa
- Socrúchán i lóistín eile
- Athbhreithniú ar leanúint leis an gcúrsa; smaoineamh ar chúrsaí eile
- Fionraíocht shealadach ón gcúrsa
- Fionraíocht láithreach ón gcúrsa
- Díbirt bhuan ó Choláiste UISCE
- Rabhadh foirmiúil i scríbhinn a leagfadh amach an idirghabháil a bheadh ann dá ndéanfaí níos mó sáraíochta ar an gCóras Iompair

**Cárta Dearg 3 (Iompair Samplacha)**

- Gan a bheith ag cloí leis an gCóras Iompair ar chor ar bith
- Coinneáil agus/nó úsáid substaintí mhídhleathacha
- Aon sórt iompar mídhleathach. Meabhraítear do thuismitheoirí go gcuirfí fios ar na Gardaí Síochána i gcomhréir lenár ndualgas reachtach) má tá aon substaintí mídhleathacha á gcoinneáil ag daltaí agus fiosróidh siadsan an scéal
- Mí-úsáide de chineál ar bith; mí-úsáid chorpartha, ghnéis nó intinne, a bheith ag bualadh, ag cur isteach ar éadaí duine eile, ag nochtadh baill chorpartha duine eile nó an dalta féin, teagmháil ghnéis, díbirt leanúnach ar dhalta eile, san áireamh (níl sé teoranta don liosta seo). Meabhraítear do thuismitheoirí go cloíonn muid leis an Reachtaíocht um Chosaint Leanaí agus le nósanna imeachta agus tuairscímid cúrsaí do Tusla dá réir
- Mí-úsáid as gutháin, gléasanna nó na meáin shóisialta
- Loitiméireacht
- Teanga mhíchuí a úsáid (ar dhóigh thromchúiseach)
- Bulaíocht
- Taifeadtaí fuaime/radhairc de mhúinteoir nó de dhalta (gan cead/toiliú)
- Troid/aon ghníomh foréigneach nó ionsaí fisiciúil
- Diúltú ar ghuthán a thabhairt
- Goid maoine
- Gan freastal ar mheantóireacht nó idirghabháil aontaithe

- Síniú bréagach
- A bheith as láthair gan cead
- Gan a bheith ag leanúint treoracha sábháilteachta

Ní liosta uileghabhálach é seo agus féadfar breithniú a dhéanamh ar aon iompar tromchúiseach

**Na hidirghabhálacha féideartha:**

- Lóistín eile
- An Garda Síochána nó Tusla a chur ar an eolas
- An Bainisteoir Oideachais & Foireann Bainistíochta an Choláiste a chur ar an eolas
- Fionraíocht
- Fionraíocht Láithreach
- Mheasfaí ar idirghabháil áirithe, díbirt buan ó Choláiste UISCE san áireamh

## 8 Sainmhínithe

Ar mhaithe leis an bPolasaí seo: Ciallaíonn "Fionnraíocht Láithreach"; Páiste a thógáil amach as an gcúrsa láithreach.

Ciallaíonn "Fionraíocht"; Páiste a thógáil amach as an gcúrsa ar feadh tréimhse sonraithe, teoranta nó ar feadh roinnt laethanta den chúrsa.

## 9 Cá huair a tharlódh fionraíocht?

Is féidir fionraíocht a chur i bhfeidhm mar thoradh ar Chárta Dearg 3 sa Chóras Iompair, ach is féidir leis an bPríomhoide fionraíocht láithreach a chur i bhfeidhm nuair a mheasann sé/sí nach leor idirghabhálacha eile de bharr mí-iompar tromchúiseach. D'fhéadfaí fionraíocht láithreach a chur i bhfeidhm.

Seachas i gcás na fionraíochta láithrí, cuireann an Príomhoide na rudaí seo san áireamh:

- Dáiríreacht, minicíocht agus comhthéacs an iompair
- An tionchar a bhí ag an iompar ar dhaltaí/ar an bhfoireann i gColáiste Uisce
- Na hidirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo
- Tionchar na fionraíochta ar an dalta

## 10 An nós imeachta "Cárta Dearg 3"

Cloífear le prionsabail na cothroime agus an cheartais aiceanta i gcónaí. Cleachtfar an cleachtas aisiríoch, déanfar athbhreithniú ar na hidirghabhálacha a rinneadh go dáta agus scrúdófar roghanna idirghabhálacha eile a d'fhéadfaí leas

a bhaint astu fós. I gcásanna Cárta Dearg 3, cuirfear na Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas láithreach ar mhaithe le fiosrúchán a dhéanamh.

Déanfar fiosrúchán san eachtra líomhnaithe chun eolas cruinn a bhailiú. D'fhéadfadh an Príomhoide nó an duine ainmnithe do pháiste a cheistiú láithreach bonn. D'fhéadfaí daoine eile a bhí páirteach san eachtra nó a bhí thíos leis a cheistiú chomh maith (daltaí, finnéithe, baill foirne). D'fhéadfaí do pháiste a thógáil amach as an rang, as an imeacht nó as an lóistín. D'fhéadfadh an Príomhoide guthán nó maoin de chuid a p(h)áiste a thógáil agus a choinneáil má bhíonn amhras réasúnta air/uirthi go mbaineann siad le fíricí an eachtra.

Déanfar teagmháil le tuismitheoirí arís chun an deacracht agus na chéad rudaí a tugadh le fios a phlé. Tá cead ag na tuismitheoirí a bheith i láthair (go pearsanta nó ar líne) nuair a cheistítear an páiste nuair a chuirtear torthaí an chéad fhiosrúcháin os a c(h)omhair. Caithfidh na tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a chinntiú gur féidir teagmháil a dhéanamh leo i gcónaí (24/7) fad agus atá a mac/a iníon ina d(h)alta i gColáiste UISCE.

Stiúrfaidh an Príomhoide tuairisc a chur le chéile ansin ina gcuirfidh sé/sí an t-eolas ar fad le chéile chun teacht ar thorthaí. Cuirfidh an Príomhoide na torthaí agus cinneadh na hidirghabhála in iúl don Bhainisteoir Oideachais, a bheidh freagrach as a dheimhniú gur cuireadh an próiseas i gcrích go cothrom.

Cuirfear é seo agus cinneadh na hidirghabhála in iúl don Tuismitheoir/Caomhnóir.

Agus an scéal ar fad fiosraithe go mion, má dhéanann an Príomhoide cinneadh gur gá fionraíocht a chur i bhfeidhm, leanfar an nós imeachta seo thíos:

- Déanfar gach iarracht réasúnta teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) chun an ábhar a phlé
- Sa gcás go bhfuil an páiste curtha ar fionraí, cuirfear tuismitheoir(í)/caomhnóir ar an eolas i scríbhinn faoi: dáta agus tréimhse na fionraíochta. Beidh cúis na fionraíochta sa litir chomh leis an nós imeachta a bheidh ann chun filleadh ar an gColáiste tar éis na tréimhse fionraíochta. Cuirfear thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an eolas faoin gceart atá acu achomharc a dhéanamh leis an mBord Achomhairc i gcoinne an chinnidh fionraíochta.
- Cuirfear an dalta atá ar fionraí faoi chúram a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí láithreach agus ní bheidh cead aige/aici filleadh ar Choláiste UISCE i rith na laethanta fionraíochta.
- Más ag deireadh an chúrsa a chuirtear páiste ar fionraí, beidh fionraíocht fós i gceist ach b'fhéidir nach mbeidh deis ag an dalta filleadh, ag brath ar am na heachtra.

Sa chás go bhfuil an Príomhoide ar an eolas faoi shárú tromchúiseach ar an gCóras lompair, gan aon dochar don nós imeachta thuas, bheadh cead aige/aici an dalta a chur ar fionraí láithreach ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus sábháilteachta, tar éis dó/di tuairisc agus fiosrúchán a chur le chéile. Bheadh an

dalta curtha ar fionraí ar feadh tréimhse oiriúnach go dtí go mbeadh fiosrúchán déanta ar an sárú sin.

## 11 Díbirt bhuan

Díbrítear dalta ón gColáiste nuair a dhéanann Bainistíocht an Choláiste cinneadh an dalta a dhíbirt go hiomlán ón gcoláiste. Is smachtbhanna an-tromchúiseach é dalta a dhíbirt agus ní dhéanfaidh an Bhainistíocht é ach amháin mar fhreagra ar sháruithe móra ar an gCóras Iompair.

## 12 Riail na Gaeilge

Is suíomh spraíúil é Coláiste UISCE chun Gaeilge a fhoghlaim. Tuigimid go bhfuil caighdeáin dhifriúla Ghaeilge ag na daltaí a fhreastalaíonn ar ár gcuid cúrsaí agus cuirimid i gcuimhne do thuismitheoirí go bhfuil ar a p(h)áiste caighdeán bunúsach Gaeilge a bheith acu chun an taithí is fearr ar féidir a bheith aige/aice anseo a chinntiú.

Cuirimid tacaíocht ar fáil do na daltaí.

Ón tríú lá ar aghaidh, cuirtear Córas an Chárta Bhuí (Yellow Card System) i bhfeidhm dóibh siúd nach bhfuil gníomhach ar an gcúrsa. Oibríonn sé cosúil le Córas an Chárta Dheirg; is féidir leis an gCárta Buí a bheith ina chárta fisiciúil nó ina atreorú chuig oifig an Phríomhoide.

Ní eiseofar **Cárta Buí 1** ach amháin:
Nuair a labhair dalta Béarla agus é soiléir go bhfuil siad ábalta Gaeilge a labhairt. Scrúdóidh an príomhoide an scéal trí chumas an dalta ar a f(h)oirm iarratais a fhiosrú, féin-mheasúnú a dhéanamh agus taithí na foirne a fháil maidir leis an dalta. Cuirfear cur chuige athchóiritheach i bhfeidhm déanfar plé ar phlean Beidh sé seo faoi réir athbhreithnithe de réir mar is gá.

Beidh **Cárta Buí 2** faoi réir na gcritéar céanna agus déanfar athbhreithniú ar an bplean meantóireachta agus na tacaíochta atá i bhfeidhm.

Teastóidh teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir le **Cárta Buí 3** agus athbhreithniú ar rannpháirtíocht na scoláirí, na tacaíochtaí a úsáidtear agus ar chumas an dalta. Tabharfar rabhadh don dalta má fhaightear amach go bhfuil Béarla á labhairt acu arís go n-eiseofar **Cárta Dearg 1** (Féach ar an gCóras Cárta Dearg).

## 13 An Próiseas Achomhairc

Is é aidhm an Chóid Iompair suíomh foghlama sábháilte dearfach a chinntiú do gach scoláire. Cinntímid go dtugtar cothrom na féinne do chách agus go ndéanann an Bainisteoir Oideachais athbhreithniú ar gach cinneadh a déantar in oifig an Phríomhoide a bhfuil tionchar aige ar eispéaras an dalta.

Déanfaidh an Fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú ar chinntí a dhéanann an Bainisteoir Oideachais. D'fhéadfadh an Fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh dalta a chur ar fionraí. Roghnaítear triúr as ochtar de na Bainisteoirí Sinsearacha chun an Fhoireann Bhainistíochta a dhéanamh.

I gcás duine a chur ar fionraí, déanfaidh an Bainisteoir Oideachais athbhreithniú ar chinneadh an Phríomhoide agus cuirfear na cúiseanna in iúl do na tuismitheoirí agus do na daltaí i scríbhinn. Beidh an Bainisteoir Oideachais freagrach as cur in iúl don tuismitheoir/caomhnóir go ndearnadh an próiseas seo go hiomlán agus go cothrom. Beidh cead ag na tuismitheoirí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin.

Is féidir le tuismitheoirí iarratas a sheoladh, i scríbhinn, chuig an Bainisteoir Oideachais chun a gceart achomhairc a chur in iúl dó/di ag leagan amach cúiseanna an achomhairc.

Cuirfear é seo in iúl don Fhoireann Bainistíochta agus cuirfidh siad Bord Achomhairc le chéile. Beidh ar a laghad beirt Bhainisteoirí ar an mBord Achomhairc nach raibh aon pháirt acu sa phróiseas go dtí seo. Déanfaidh siad athbhreithniú ar an bpróiseas agus ar an gcinneadh. Socróidh siad cinneadh achomhairc laistigh de 24 uair an chloig. Seolfar an cinneadh sin go dtí na tuismitheoirí agus chuig an mBainisteoir Oideachais ar ríomhphost.

## 14 Cuardach na málaí

Amanna beidh ar bhaill foirne málaí a sheiceáil chun sábháilteacht, sláinte agus folláine na ndaltaí a chinntiú, agus chun eolas faoi shárú ar an gCóras Iompair a chur le chéile. Leanann baill foirne de chuid Choláiste UISCE an bpróiseas seo nuair is gá lóistíní nó/agus bagáistí a chuardach.

Nuair atá amhras réasúnach ann go bhfuil earra nach bhfuil ceadaithe ina sheilbh ag dalta, cinneann an Príomhoide 'amhras réasúnach' tar éis dó na fíricí a fhiosrú.

Nuair is féidir agus más féidir, déanfar teagmháil le tuismitheoirí chun cead a fháil bagáiste nó seomra dalta a chuardach. Féadfaidh an dalta a bheith i láthair agus an cuardach ar siúl. Déanfaidh beirt bhall foirne an cuardach.

Má cheaptar gur ghoid dalta rud éigin, iarrfar air/uirthi, go discréideach, dul tríd a m(h)ála agus an bheirt bhall foirne i láthair.

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na rudaí nach bhfuil ceadaithe a chur i gcuimhne don pháiste nuair atá sé/sí ag pacáil le dul chuig Coláiste UISCE.

15 Liosta de na rudaí a bhfuil cosc orthu

Bainfidh an Príomhoide na rudaí seo ó na daltaí. Tabharfar ar ais dóibh iad ag deireadh an chúrsa (má tá siad oiriúnach). Ní liosta gan áireamh é seo.

Sliotair (liathróidí leadóga san áireamh),
Aerasóil,
Cnónna nó aon táirge a bhfuil cnónna ann,
Sceana, earraí géara,
Lastóirí, lasáin, earraí inlasta,
Galtoitíní, táirgí vápála, E-Toitíní,
Gliú, nó aon substaintí gliú
Aon substaintí nó giuirléidí mhídhleachthacha,

16 Liosta de na rudaí a bhfuil srian orthu

**Is féidir na rudaí seo a bheith coinnithe in áit ainmnithe réamhaontaithe agus is féidir iad a úsáid i rith an chúrsa.**

Camáin,
Tromáin lúithe,
tromáin cluasacha,
trealamh aclaíochta

17 Dearbhú

**Chuir Bainistíocht Choláiste UISCE an Cód Iompair seo i gcrích ar an 17/4/2025.**

Athbhreithneofar é mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Córas Iompair Choláiste.

Sínithe: R. Ní Conanna Dáta: 17/04/25

Príomhfheidhmeannach Choláiste UISCE

Sínithe: Caitlín Ní Dhubhshaigh Dáta: 17/04/2025

Bainisteoir Oideachais